2023.M24T

2023L005A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023

# Tíreolaíocht

## Cuid a hAon agus Freagarleabhar

## Ardleibhéal

Dé hAoine 9 Meitheamh    Maidin 9:30 - 12:20

400 marc

| | |
|---|---|
| **Scrúduimhir** | |
| **Lá agus Mí do Bhreithe** | Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla |
| **Stampa an Ionaid** | |

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2023 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir agus Lá agus Mí do Bhreithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí ar gach cuid den scrúdú sa fhreagarleabhar seo. Déanfar an freagarleabhar seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is ceadmhach duit úsáid a bhaint as peann luaidhe i gcás sceitsí, graf agus léaráidí amháin.

Tá dhá chuid sa scrúdú seo. Tá ceisteanna **CHUID A DÓ** ar fáil ar cheistpháipéar ar leith, ach ní mór duit do chuid freagraí a scríobh sa fhreagarleabhar seo.

**CUID A hAON** Ceisteanna Gearrfhreagra **80 marc**

Freagair **DEICH** gceist ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

**CUID A DÓ** Ceisteanna Struchtúrtha agus Aistí **320 marc**

Ní mór tabhairt faoi **CHEITHRE** cheist a fhreagairt. Ní mór ceist amháin as trí cinn de na ranna thíos a bheith san áireamh anseo:

- Roinn 1 **– Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach** (Ceist 1-3)
- Roinn 2 – **Tíreolaíocht Réigiúnach** (Ceist 4-6)
- Roinn 3 – **Toghaonaid (**Ceist 7-12)
- Roinn 4 – **Roghaonaid** (Ceist 13-24)

Is féidir an ceathrú ceist a roghnú as roinn ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

## CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 80 MARC

Freagair **DEICH** gceist ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SNA SPÁSANNA ATÁ ANN DÓIBH***

**1. Tírdhreach a Aithint**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

(i) Sa tábla thíos, meaitseáil gach ceann de na gnéithe tírdhreacha seo a leanas leis an tagairt eangaí is fearr a mheaitseálann a suíomh ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis:

- Droimnín
- Fána chuasach
- Cumar.


| Tagairt Eangaí | Gné |
|---|---|
| H 50 05 | |
| H 39 01 | |
| H 45 01 | |

(ii) Ainmnigh **dhá** loch ar an léarscáil atá ó thuaidh de Thuaidhlíne 03.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |

**[8m]**

## 2. Gníomhaíocht Bholcánach




Scrúdaigh an léaráid thuas ina dtaispeántar bolcán ag brúchtadh agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B**, **C**, **D**, **E** agus **F** leis an téarma sa tábla thíos is fearr a mheaitseálann í.


| Téarma | Litir |
|---|---|
| Sraitheanna laibhe agus luaithreamhán bolcánach | |
| Cráitéir | |
| Craos tánaisteach | |
| Seomra magma | |
| An Príomhchraos | |
| Buama bolcánach | |

(ii) Ainmnigh **dhá** ghné phlútónacha a fhoirmítear nuair a fhuaraíonn magma.

| | |
|---|---|
| 1. | |
| 2. | |

**[8m]**

**3. Tírdhreach Cósta**




Curtha in oiriúint ó www.dkfindout.com

Scrúdaigh na fótagraif thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.


(i) Meaitseáil gach ceann de na fótagraif **A**, **B**, **C** agus **D** leis an ngné sa tábla thíos is fearr a mheaitseálann é.

(ii) Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu díobh seo is mó a luaitear gach ceann de na gnéithe sa tábla thíos leis: próisis an chreimthe nó próiseas an tsil-leagain.

| **C.3(i)** | **Gné** | **C.3(ii)** | |
|---|---|---|---|
| **Litir** | | **Próisis an Chreimthe** (✓) | **Próiseas an tSil-leagain** (✓) |
| | Murlach | | |
| | Dumhcha | | |
| | Stua mara | | |
| | Gob gainimh | | |

**[8m]**

## 4. Carraigeacha




Scrúdaigh an léaráid de thimthriall na gcarraigeacha thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na huimhreacha ar an léaráid leis an bpróiseas is fearr a mheaitseálann í sa tábla thíos.


| Próiseas | Uimhir |
|---|---|
| Criostalú magma | |
| Síonchaitheamh agus creimeadh | |
| Balcadh agus stroighniú | |

(ii) Ainmnigh sampla **amháin** de charraig dhríodair **agus** sampla **amháin** de charraig mheiteamorfach.

| |
|---|
| Carraig dhríodair: |
| Carraig mheiteamorfach: |

**[8m]**

**5. Teicteonaic Phlátaí**




Scrúdaigh léaráid an domhain thuas agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B**, **C**, **D**, **E** agus **F** leis an téarma is fearr a mheaitseálann í sa tábla thíos.

| Téarma | Litir |
|---|---|
| Sruthanna comhiompair | |
| Croí istigh | |
| Croí amuigh | |
| Pláta Nazca | |
| Oileán bolcánach | |
| Teorainn plátaí dibhéirseacha | |

(ii) Cén t-ainm atá ar an tsraith sholadach charraige atá timpeall an domhain agus atá comhdhéanta den mhaintlín uachtarach agus den screamh.

**[8m]**

**6. Coincheap an Réigiúin**

(i) Comhlánaigh an tábla thíos agus gach ceann de na samplaí de réigiúin sa liosta á mheaitseáil agat leis an gcineál réigiúin sa tábla is mó a luaitear leis.

**Samplaí de Réigiúin:**

| | |
|---|---|
| Iarthar na hÉireann | Má na hEorpa Thuaidh |
| Réigiún Fionnuar Measartha Aigéanach | Londain |
| Gleann Sambre Meuse | Contae na Mí |

| Cineál Réigiúin | Sampla de Réigiún |
|---|---|
| Réigiún uirbeach | |
| Réigiún imeallach | |
| Réigiún aeráide | |
| Réigiún geomoirfeolaíoch | |
| Réigiún riaracháin | |
| Réigiún ina bhfuil meath tionsclaíochta ar siúl | |

(ii) Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá gach ceann de na ráitis seo a leanas.

(a) Is é is croí-réigiúin ann, go hiondúil, ná réigiúin shocheacnamaíocha dea-fhorbartha a mheallann tionscail.

Fíor ☐ Bréagach ☐

(b) Bíonn inimirce ghlan ann i réigiúin imeallacha.

Fíor ☐ Bréagach ☐

**[8m]**

**7. Scileanna Léarscáile**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Céard é an airde (ina méadair) atá ag an gcuaille triantánachta H 462 008?

(ii) Tomhais an fad ina líne dhíreach (ina chiliméadair) ó lár an timpealláin ag H 423 019 go dtí an lár an timpealláin ag H 435 041.

(iii) Tabhair tagairt eangaí sé fhigiúr don phointe díreach a n-imíonn an N3 den léarscáil sa limistéar thoir theas.

(iv) Ríomh achar (ina $km^2$) na sliochtléarscáile a luíonn ó thuaidh de Thuaidhlíne 00.

**[8m]**

**8. Aerfótagraf agus Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf den Chabhán agus an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén treo ina raibh an ceamara dírithe nuair a tógadh an t-aerfótagraf?

(ii) Tabhair tagairt eangaí ceithre fhigiúr don locha atá suite sa tulra ar dheis san aerfótagraf.

(iii) Cé acu ceann de na bóithre réigiúnacha seo is féidir a fheiceáil sa chúlra ar chlé den aerfótagraf? Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.


R 212 ☐ R 188 ☐ R 198 ☐ R 165 ☐

(iv) Luaigh an **cineál** aerfótagrafaíochta a úsáideadh don aerfótagraf a ghabhann leis an bpáipéar seo.

**[8m]**

## 9. Aerfótagraf

Scrúdaigh an t-aerfótagraf den Chabhán agus íomhánna Radharc Sráide Google ón limistéar céanna den Chabhán a ghabhann leis an bpáipéar seo.





Curtha in oiriúint ó Google Streetview

Ag baint úsáid duit as an nodaireacht aitheanta, tabhair an suíomh ar an aerfótagraf ina bhfuil gach ceann de na limistéir a thaispeántar sna híomhánna **A**, **B**, **C** agus **D**, sa tábla thíos.

| Íomhá Radharc Sráide Google | An Suíomh ar an Aerfótagraf |
|---|---|
| **A** | |
| **B** | |
| **C** | |
| **D** | |

**[8m]**

## 10. Aimsir




Scrúdaigh an chairt aimsire thuas ó Met Éireann agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cé acu ceann de na cineálacha fronta seo a leanas a bhfuil lipéad **X** air ar an gcairt aimsire thuas?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

- Fronta te ☐
- Fronta fuar ☐
- Fronta oclúidithe ☐

(ii) Cén brú baraiméadrach (ina heicteapascail/milleabair) atá ann ag **Y** ar an gcairt aimsire?

(iii) Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá an ráiteas seo a leanas.

Tá na gaotha os cionn limistéar **X** níos láidre ná na gaotha os cionn limistéar **Y.**

- Fíor ☐
- Bréagach ☐

(iv) Cén téarma a mbaintear úsáid as chun cur síos a dhéanamh ar an ngaoth is minice a shéideann thar limistéar?

**[8m]**

**11. Léirmhíniú ar Staitisticí**

**Na Bailte ina bhfuil an Céatadán is Airde Daoine a Labhraíonn Gaeilge go Laethúil, 2016**

| Baile | Contae | % na nDaoine a labhraíonn Gaeilge go Laethúil | Líon na nDaoine a Labhraíonn Gaeilge go Laethúil | Líon Iomlán na nDaoine |
|---|---|---|---|---|
| Mín Lárach | Dún na nGall | 73 | **X** | 400 |
| Rann na Feirste | Dún na nGall | 67 | 202 | 302 |
| An Cheathrú Rua | Gaillimh | 62 | 467 | 753 |
| Bun na Leaca | Dún na nGall | 58 | 223 | 385 |
| An Bun Beag-Doirí Beaga | Dún na nGall | 53 | 766 | 1,445 |

Curtha in oiriúint ó POS

Scrúdaigh an tábla thuas ina dtaispeántar eolas faoi na bailte ina bhfuil an céatadán is airde daoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén baile sa tábla thuas atá i gCo. na Gaillimhe?


(ii) Céard é an céatadán de na daoine sa Bhun Beag-Doirí Beaga a labhraíonn Gaeilge go laethúil?

(iii) Cén baile sa tábla thuas ina raibh an líon ab ísle daoine in 2016?

(iv) Ríomh **X**, líon na ndaoine a raibh cónaí orthu i Mín Lárach in 2016 a labhraíonn Gaeilge go laethúil.

**[8m]**

**12. Léirmhíniú ar Ghrafaicí**




Scrúdaigh an ghrafaic eolais thuas ina dtaispeántar réamhthorthaí Dhaonáireamh 2022 agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cé mhéad teach a bhí folamh in Éirinn in 2022?

(ii) Cén contae ina raibh an imirce isteach ba mhó in 2022?

(iii) Cé mhéad duine a bhí in Éirinn in 2022 de bhreis ar dhaonra 2016?

(iv) Luaigh **dhá** bhealach inar féidir le rialtais úsáid a bhaint as sonraí daonáirimh.

1.

2.

**[8m]**


# Freagarleabhar do CHUID A DÓ

## Treoracha

Tá ceisteanna **CHUID A DÓ** ar fáil ar cheistpháipéar ar leith.

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua. Scríobh uimhir na ceiste sa bhosca ar bharr gach leathanaigh.

Bain úsáid as an gcolún ar chlé chun gach cuid de cheist a lipéadú, mar a thaispeántar thíos.




Tá ceithre leathanach de ghrafpháipéar ar fáil ar na chéad cheithre leathanach eile den fhreagarleabhar seo. Ar na leathanaigh ghrafpháipéir, is ag bun an leathanaigh atá an bosca le haghaidh uimhir na ceiste.

Ní gá duit na leathanaigh ar fad sa fhreagarleabhar seo a úsáid. Mura mbíonn dóthain spáis agat sa fhreagarleabhar seo, is féidir leat breis páipéir nó grafpháipéir a iarraidh ar an bhfeitheoir.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is ceadmhach duit peann luaidhe a úsáid i gcás sceitsí, graf agus léaráidí amháin**.**

Ceist

Ceist

Ceist

Ceist

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

| | |
|---|---|
| | |

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Tíreolaíocht Cuid a hAon agus Freagarleabhar

Dé hAoine 9 Meitheamh

Maidin 9:30 - 12:20